



ÚBE/GL/2022/12

29/09/2022

Treoirlínite lena leasaítear Treoirlínite ÚBE/GL/2020/14

maidir le táscairí a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo a
shonrú agus a nochtadh

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 16.01.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2022/12' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baintéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Seolaithe

5. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (i) d’Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais a bhfuil feidhm ag na Treoirlínte seo ina leith. Moltar d’údaráis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 131(1) de Threoir 2013/36/AE nach údaráis inniúla iad na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm. Tagraítear do na húdaráis inniúla agus d’údaráis ainmnithe ar aon sna treoirlínte seo mar “údaráis ábhartha”.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

6. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo ón 16.01.2023.

4. Treoirlínte leasaitheacha

7. Leasaítear ÚBE/GL/2020/14 mar seo a leanas:

- (a) Cuirtear an t-alt 10a seo a leanas le Mír 4:

“De bhun Airteagal 131(2a) de Threoir 2013/36/AE lena gceanglaítear modheolaíocht sainaitheantais bhreise lena n-eisiatar gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Sásra Réitigh Aonair, agus i gcomhréir leis an gcomhaontú idirnáisiúnta a rinne Coiste Basel an 31 Bealtaine 2022 chun aitheantas a thabhairt don dul chun cinn atá déanta i bhforbairt an Aontais Baintéireachta Eorpaigh, ba cheart ítimí sonraí atá ábhartha chun táscairí trasdlínse coigeartaithe a ríomh a bhaineann le hinstiúidí a bhfuil a gceanncheathrú sna Ballstáit atá ag cloí leis an Sásra Réitigh Aonair a mheas mar chuid de na táscairí gníomhaíochta trasdlíniúla seachas mar ítimí coimhdeacha nó mar ítimí meabhráin do mhodheolaíocht sainaitheanta agus leithdháilte fochatagóirí G-SII.”